Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0296(NLE)**

**12992/22**
**ADD 1**

**TRANS 612**
**COWEB 105**
**ELARG 71**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 484 final ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2023 a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 484 final ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2022) 484 final ANNEX

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2022
COM(2022) 484 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2023 a ghlacadh**

# IARSCRÍBHINN

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. .../2022**
**ÓN gCOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH**
**AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**an …**

**maidir le glacadh bhuiséad an Chomhphobail Iompair**
**le haghaidh na bliana 2023**

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair[1], agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 35 de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar leis seo buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2023 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

(1) I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de na rialacha airgeadais agus nósanna imeachta iniúchta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, féadfar leithreasuithe de líne bhuiséid ar leith le haghaidh bhuiséad 2023 a úsáid chun críocha a bhaineann le líne bhuiséid eile, laistigh den teorainn iomlán 10 % de leithreasuithe na líne buiséid ar leith sin. Ní bheidh feidhm aige sin maidir leis an líne bhuiséid a bhaineann le buiséad na n- acmhainní daonna.

(2) Maidir le leithreasuithe a thugtar ar aghaidh chun oibleagáidí a shínítear ag deireadh 2022 a chomhlíonadh, mar a shonraítear sa bhuiséad a ghabhann leis seo, ní bheidh siad incháilithe le haghaidh na húsáide dá dtagraítear i mír 1. Ní chuirfear san áireamh iad chun an t- uasmhéid a chomhfhreagraíonn don teorainn 10 % dá dtagraítear ann a chinneadh.

[1] IO AE L 278, 27.10.2017, lch. 3.

*Airteagal 3*

Leithreasuithe nach bhfuil gealltanas tugtha ina leith faoi dheireadh na bliana airgeadais 2022, déanfar iad a chur ar ceal agus a íoc ar ais leis na Páirtithe i gcomhréir leis na céatadáin a leagtar síos in Iarscríbhinn V den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus na ranníocaíochtaí iarbhír a íocadh.

Arna dhéanamh i/sa..., an... 2022.

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*

*An tUachtarán*

BUISÉAD AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR LE hAGHAIDH 2023

| Líne bhuiséid | | Méid (EUR) |
|---|---|---|
| 1. | An Bhuanrúnaíocht | |
| 1.1. | Acmhainní Daonna | 1 502 097 |
| 1.2. | Costais taistil | 119 220 |
| 1.3. | Costais oifige, trealamh agus bogearraí | 64 150 |
| 1.4. | Costais agus seirbhísí eile, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:<br>– Seirbhísí seachfhoinsithe agus seirbhísí eile (Iniúchadh, Infheictheacht, Oiliúint Foirne, Muirir Bhainc)<br>– Costais Chruinnithe agus Chomhdhála<br>– Costais Theicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide<br>– Costais Earcaíochta | 543 117 |
| 1.5. | Staidéir, Cúnamh teicniúil chun tacú le Acquis agus Pleananna Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme[2] | 730 000 |
| | - An méid atá ina chreidmheasanna nua | 510 000 |
| | - Méid na leithreasuithe buiséid a dtugtar anonn a chomhfhreagraíonn d'oibleagáidí a shínítear ag deireadh 2022 agus a bhfuil íocaíochtaí dlite ina leith in 2023 | 220 000 |
| 2. | An Chomhairle Aireachta | |
| 2.1. | Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 28 000 |
| 3. | An Coiste Stiúrtha Réigiúnach | |
| 3.1. | Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 18 560 |

2 Cinnfear an méid iomlán ar thabhairt i gcrích nósanna imeachta agus conarthaí seirbhíse a shínítear le linn R3 de 2022

| Líne bhuiséid | | Méid (EUR) |
|---|---|---|
| 4. | Coistí Teicniúla | |
| 4.1. | Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 177 300 |
| 5. | An Fóram Sóisialta | |
| 5.1. | Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 10 800 |
| 6. | An Coiste um an mBuiséad | |
| 6.1. | Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 5 720 |
| Iomlán na gcreidmheasanna nua (gan an Cúlchiste Buiséid san áireamh) | | 2 978 964 |
| An Cúlchiste Buiséid (thart ar 3 % de na creidmheasanna nua) | | 81 036 |
| Iomlán na gcreidmheasanna nua | | 3 060 000 |
| Iomlán na tabhartha anonn ó 2022 | | 220 000 |
| Móriomlán | | 3 280 000 |
| Ranníocaíocht ón Aontas Eorpach (80 % de na creidmheasanna nua) | | 2 448 000 |
| Ranníocaíocht ó Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa (20 % de na creidmheasanna nua: In Iarscríbhinn V a ghabhann le TCT gheofar an dáileadh in aghaidh gach tíre) | | 612 000 |